

RABHADH

Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

**STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL
(180 MARC)**

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 3.30

STAMPA AN IONAIÐ

SCRÚDUIMHIR

FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.

FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN
CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.

FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.

CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR

1. PICTIÚIR
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir, **A**, **B** agus **C**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) **PICTIÚR A**

Taispeánann **Pictiúr A** cartún Meiriceánach atá ag cáineadh Éireannach a bhí ag bogadh chuig na Stáit Aontaithe thart ar 1880.

- (i) Tabhair píosa **amháin** eolais a thugann le tuiscint go raibh Éireannaigh contúirteach.

.....
..... (3)

- (ii) Tabhair píosa **amháin** fianaise a thugann le tuiscint go raibh Éireannaigh leisciúil.

.....
..... (3)

- (iii) Tabhair cúis **amháin** a gceapann tú gur léiríodh Éireannaigh sa chartún mar dhaoine gránna.

.....
..... (4)

- (iv) Ainmnigh **dhá** pháirtí polaitíochta thábhachtacha a raibh baint acu le polaitíocht na hÉireann le linn na tréimhse 1900-1985.

NÓ

Ainmnigh athrú mór **amháin** a tháinig ar shaol na hoibre nó ar chaitheamh aimsire in Éirinn ó 1900 i leith.

.....
..... (4)

(b) **PICTIÚR B**

Taispeánann **Pictiúr B** póstaer a ghríosaíonn fir na hÉireann chun dul isteach in Arm na Breataine le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda.

(i) Cén fáth ar cheap daoine gur laoch é an saighdiúir?

.....
..... (3)

(ii) Cén t-ainm a bhí ar an saighdiúir?

..... (3)

(iii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ó do chuid staidéir ar an stair agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

Claontacht

Bolscaireacht

Impireacht

.....
.....
..... (4)

(c) **PICTIÚR C**

Taispeánann **Pictiúr C** radharc i gcathair Bhaile Átha Cliath le linn Fhéile na Samhna, 1953.

(i) Ainmnigh táirge **amháin** a díoladh sa siopa.

..... (3)

(ii) Tabhair píosa **amháin** eolais faoi na páistí san fhótagraf a mbeadh suim ag staraithe ann.

.....
..... (4)

(iii) Seachas fótagraif, ainmnigh **dhá** fhoinse phríomha a úsáideann staraithe chun tuiscint a fháil ar an am atá thart.

.....
..... (4)

2. DOICIMÉID
(35 marc)

Déan staidéar ar na doiciméid - **1 agus 2** - a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceistanna seo a leanas:

(a) **Doiciméad 1**

Cuntas ar Jack agus Minnie Keenan as Béal Feirste.

(i) Cén post a bhí ag Jack?

..... (2)

(ii) Conas ba chuimhin le Brenda é?

..... (2)

(iii) Cad a thug Jack abhaile leis go minic ón tuath?

.....
..... (3)

(iv) Cén fáth ar éirigh Minnie as a post?

..... (3)

(v) Cá raibh Minnie ag obair le linn an Dara Cogadh Domhanda?

..... (3)

(vi) Ainmnigh bean **amháin** a bhí tábhachtach i bpolaitíocht na hÉireann idir 1900 agus 1985.

NÓ

Luaigh athrú mór **amháin** i saol na mban in Éirinn ó 1900 i leith.

.....
.....
.....(4)

(b) **Doiciméad 2**

An t-IarThaoiseach, Bertie Ahern, ag cur síos ar an tsuim a bhí ag Éireannaigh i muintir Uí Chinnéide, an chlann pholaitiúil Ghael-Mheiriceánach.

- (i) Cén bhliain ar toghadh John F. Kennedy ina Uachtarán ar na Stáit Aontaithe?
..... (2)
- (ii) Cé air a bhfuair sé an bua sa toghchán?
..... (2)
- (iii) Tabhair píosa **amháin** fianaise a thugann le tuiscint nár thaitin an Bhreatain le múinteoirí an chainteora.
.....
..... (3)
- (iv) Cathain a thug John F. Kennedy cuairt ar Éirinn?
..... (3)
- (v) Tabhair **dhá** phársa fianaise ón sliocht a chruthaíonn go raibh an-suim ag an gcainteoir i muintir Uí Chinnéide.
.....
.....
..... (4)
- (vi) Luaigh bealach **amháin** inar athraigh an saol faoin tuath in Éirinn le linn an fichiú haois.

NÓ

Ainmnigh Taoiseach **nó** Uachtarán **amháin** ar Éirinn a bhí in oifig le linn na tréimhse 1922-1977.

.....
..... (4)

3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc gach ceist.

- (i) Cad is brí leis na litreacha **RCh** sa bhliain 13 RCh?
..... (6)
- (ii) Cén fáth ar tugadh an Chlochaois ar an tréimhse is luaithe i stair an hÉireann?
.....
..... (6)
- (iii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ó Éirinn anallód agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:
Draoi *Crannóg* *La Tène*
.....
..... (6)
- (iv) Ainmnigh sibhialtacht ársa ón **taobh amuigh** d'Éirinn agus tabhair fíric **amháin** faoi thithe, reiligiún nó nósanna adhlactha ón tsibhialtacht sin.
Sibhialtacht: Fíric:
..... (6)
- (v) Tabhair cúis **amháin** a raibh an saol míthaitneamhach i mbaile mór sna Meánaoiseanna.
..... (6)
- (vi) Cad ab ea an Phlá Mhór aimsir na Meánaoiseanna?
..... (6)
- (vii) Ainmnigh cineál **amháin** caitheamh aimsire a bhí coitianta sna Meánaoiseanna.
..... (6)
- (viii) Tabhair **dhá** chúis a raibh sé deacair caisleán a ghabháil le linn na Meánaoiseanna.
.....
..... (6)
- (ix) Tabhair cúis **amháin** ar thosaigh an Athbheochan san Iodáil.
.....
..... (6)
- (x) Conas a tháinig feabhas ar péintéireacht le linn na hAthbheochana?
.....
..... (6)

- (xi) Ainmnigh scríbhneoir ón Athbheochan agus saothar a luaitear leis/léi.
 Scríbhneoir:
 Saothar: (6)
- (xii) Ainmnigh aireagán nó fionnachtain **amháin** ón Athbheochan.
 (6)
- (xiii) Ainmnigh rialtóir Briotanach **amháin** a chuir plandáil i gcrích in Éirinn agus an ceantar lenar bhain an phlandáil sin.
 Rialtóir: Ceantar: (6)
- (xiv) Tabhair cúis **amháin** ar chuir rialtóirí Briotanacha plandálacha i gcrích in Éirinn.

 (6)
- (xv) Luaigh bealach **amháin** ar tháinig athrú ar Éirinn de bharr na bplandálacha.

 (6)
- (xvi) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ó *Thréimhse na Réabhlóidí* agus mínigh é:
 Boston Tea Party Ré an Uafáis Péindlithe

 (6)
- (xvii) Cuir tic le duine de na ceannairí ó *Thréimhse na Réabhlóidí* a luaitear thíos agus mínigh an tábhacht a bhaineann leis:
 George Washington Louis XVI Wolfe Tone

 (6)
- (xviii) Tabhair cúis **amháin** ar athraigh an Bhreatain mar thoradh ar an Réabhlóid Talmhaíochta.
 (6)
- (xix) Seachas an titim sa daonra, tabhair cúis **amháin** ar athraigh Éire mar thoradh ar an nGorta Mór (1845-1850).

 (6)
- (xx) Luaigh athrú mór **amháin** a tharla i gcathracha in Éirinn ó 1900 i leith.

 (6)

4. PEARSANA SA STAIR
(50 marc)

Freagair A agus B

A. Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Seandálaí i mbun oibre.**

LEIDEANNA * Láithreán á roghnú * Uirlisí a úsáidtear
* Deacrachtaí ar an láithreán * Dátaí a chur le rudaí a fuarthas
(25)

(ii) **Manach ina chónaí i mainistir i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn.**

LEIDEANNA: * Tithíocht agus foirgnimh * Iarrachtaí cuidiú le daoine áitiúla
* Creideamh * Saothair ealaíne
(25)

(iii) **Dúchasach an Domhain Nua agus taiscéalaithe tagtha ón Eoraip.**

LEIDEANNA * Nósanna saol na ndúchasach * Athruithe a tháinig ina s(h)aol
* A s(h)easamh maidir leis na hEorpaigh * A d(h)earcadh ar an todhchaí
(25)

AGUS

B. Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Leasaitheoir creidimh a ainmníonn tú le linn an Reifirméisín.**

LEIDEANNA: * Luathshaol * Smaointe
* Príomhimeachtaí a shaoil * Torthaí an Reifirméisín
(25)

(ii) **Duine a chónaigh i gcathair sa Bhreatain thart ar 1850.**

LEIDEANNA: * Mar a bhí saol na hoibre ag an am * Tithíocht
* Iarrachtaí chun cuidiú le daoine bochta * Deacrachtaí sláinte
(25)

(iii) **Ceannaire polaitiúil tábhachtach ón taobh amuigh d'Éirinn le linn na tréimhse 1920-1985.**

LEIDEANNA: * Luathshaol * Tuairimí
* Príomhéachtaí * Tionchair a c(h)uid oibre
(25)



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2017

STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL


(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

FOINSÍ

1. PICTIÚIR

PICTIÚR A

TIONSCAIL NA hÉIREANN



DÉANAMH MEAISÍNÍ IFREANDA.



DÉANTÓIR NA VÓTAÍ ÉIREANNACHA.




TIONSCAL M HARÚ NA dTIARNAÍ TALÚN.



TIONSCAL NACH dTEIPEANN AIR CHOÍCHE.

Foinse: Léaráid ealaíontóra bunaithe ar chartún ón naoú haois déag.



Foinse:

https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/4/44/Michael_O'Leary_WWI_poster.jpg

PICTIÚR C



Foinse : <https://stillslibrary.rte.ie/indexplus/image/3013/099.html>

2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1

Cuntas ar Jack agus Minnie Keenan as Béal Feirste.

Innealtóir de chuid oifig an phoist ba ea Jack Keenan ar mhinic é ar glao-dhualgas ceithre huairé is fiche. Rinneadh duine draíochtach de nach mór de bharr a chuid uaireanta mírialta agus é a bheith as láthair ón mbaile. Ba dhuine barrúil é de réir na cuimhne a bhí ag Brenda air agus bhíodh sé de shíor ag ealaín agus ag insint scéalta grinn.

Is cuimhin le Elaine go raibh a hathair ciúin agus tostach sa bhaile. Ba mhinic a thug a chuid oibre Jack Keenan amach faoin tuath agus phiocadh sé suas ainmhithe de gach cineál mar ghráinneoga agus bhroic agus thugadh sé leis abhaile iad. Bhéiceadh Minnie, a bhean chéile, air na hainmhithe a thabhairt amach as an teach, ag rá leis nach zú a bhí ann.

Bhíodh Minnie ina hionadaí ceardchumainn sna muilte línéadaigh, ach d'éirigh sí as an obair ansin nuair a phós sí. Le linn an Dara Cogadh Domhanda, d'oibrigh sí i monarcha muinisean i dtuaisceart Shasana.

Sliocht as Anne Maguire, *For Brian's Sake* (Béal Feirste, 1991), lch 3.

DOICIMÉAD 2

An t-iarThaoiseach, Bertie Ahern, ag cur síos ar an tsuim a bhí ag Éireannaigh i muintir Uí Chinnéide, an chlann pholaitiúil Ghael-Mheiriceánach.

Bhí mé sa bhunscoil nuair a bhí feachtas Uachtaránachta Mheiriceá ar siúl in 1960. Meas ar Éireannachas mhuintir Uí Chinnéide agus bua John F. Kennedy i dtoghchán na hUachtaránachta i gcoinne Richard M. Nixon, ba nithe iad sin a múineadh dúinn ar scoil agus ar labhair na múinteoirí fúthu.

Níor thugamar aon aird ar an mBreatain ag an am sin agus níor mhúin siad dúinn fúithi ar scoil. Go deimhin, níor luamar an Bhreatain ar scoil. Náisiúnaithe a bhí i bhformhór mo chuid múinteoirí. Mar sin, ba é an chéad eolas a fuair mé ar an domhan ná an t-eolas go raibh Pápa ann agus muintir Uí Chinnéide ann.

Is anseo a rugadh agus a tógadh mé. Chuaigh mé ar scoil díreach trasna an droichid, ag Scoil Naomh Pádraig, agus bhí mé i mo chónaí díreach céad slat suas an bóthar uaithi. D'fhéach mé ar John F. ag teacht anseo i mí an Mheithimh 1963, ó bharr na ráilí thuas an bóthar, agus bhí mé sa mheánscoil nuair a feallmharaíodh Bobby (Robert F. Kennedy) i bhfeachtas 1968. Is cuimhin liom go maith gur tháinig bráthair Críostaí isteach sa seomra ranga le hinsint dúinn gur feallmharaíodh Bobby.

Bunaithe ar <https://www.emkinstitute.org/resources/bertie-ahern>